II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1985 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Deireadh Fómhair 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Tá tacaíocht mhíleata á tabhairt ag réimeas na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh atá gan chúis, gan údar. I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart triúr daoine aonair agus eintiteas amháin a raibh baint acu le forbairt agus seachadadh Aerárthaí Gan Foireann chuig an Rúis a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. BEK

IARSCRÍBHINN

Cuirtear na daoine agus an t-eintiteas seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
"1263.	Mohammad Hossein BAGHERI محمد حسین باقری	Áit bhreithe: Tehran na hIaráine Náisiúntacht: Iaránach Inscne: Fireann Grád: Major-General Post: Ceann Foirne ar Fhórsaí Armtha na hIaráine	Tá an Maor-Ghinearál Mohammad Hossein Bagheri ina Cheann Foirne ar Fhórsaí Armtha na hIaráine. Déanann sé maoirseacht ar an gclár míleata maidir le hAerfheithiclí Gan Foireann (UAV) agus tá ról tábhachtach aige i gcomhar cosanta na hIaráine le Cónaidhm na Rúise. Tá baint aige freisin le leathnú UAVanna de dhéantús na hIaráine thar lear; sa cháil sin, d'oscail sé líne cóimeála sa Táidsíceastáin a bhí ceaptha le dróin Ababil-2 a onnmhairiú. Ghlac sé páirt freisin i bhforbairt dróin Mohajer-6 agus bhí baint aige lena soláthar do Chónaidhm na Rúise lena n-úsáid sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá an Maor-Ghinearál Mohammad Hossein Bagheri freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	20.10.2022
1264.	Sayed Hojatollah QUREISHI سید حجت الله قریشی dá ngairtear freisin Sayyed Hojatolah GHOREISHI	Náisiúntacht: Iaránach Inscne: Fireann Grád: Ginearál Post: Head of the Supply, Research, and Industrial Affairs Division ag an Iranian Ministry of Defense and Armed Forces Logistics (MODAFL)	Is é Ginearál Sayed Hojatollah Qureishi Ceann an Supply, Research, and Industrial Affairs Division ag an Iranian Ministry of Defense and Armed Forces Logistics (MODAFL) agus tá sé freagrach as caibidlíocht a dhéanamh don chomhaontú le Cónaidhm na Rúise maidir le soláthar Aerfheithiclí Gan Foireann de dhéantús na hIaráine (UAVanna) lena n-úsáid sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá an Ginearál Sayed Hojatollah Qureishi freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	20.10.2022
1265.	Saeed AGHAJANI / Saeed Ara Jani / Said Ara Jani / Said Agha Jani سعید آقاجانی	Dáta breithe: 3.4.1969 Inscne: Fireann Pas: Pas V47528711 (Iran) Náisiúntacht: Iaránach Grád: Briogáidire-Ghinearál Post: Commander of the Islamic Revolutionary Guard Corps - Aerospace Force (IRGC ASF) UAV Command	Is é an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani Ceannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC ASF) UAV Command, arb é cnámh droma an chláir maidir le hAerfheithiclí Gan Foireann de chuid na hIaráine é. Stiúrann agus maoirsíonn an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani an phleanáil, an trealamh agus an oiliúint a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí UAV san Iaráin; áirítear leis sin dróin a sholáthar do chomhghuaillithe idirnáisiúnta de chuid na hIaráine, lena n-áirítear Cónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	20.10.2022"

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar Chúiseanna	Dáta an liostaithe
“119.	Shahed Aviation Industries ar a dtugtar freisin Shahed Aviation Industries Research Center صنایع هوایی شاهد مرکز تحقیقات صنایع هوایی شاهد		Is cuideachta í Shahed Aviation Industries san Iaráin a bhfuil baint aici le Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force agus atá freagrach as sraith Shahed d’Aerfheithiclí Gan Foireann na hIaráine (UAVanna) a dhearadh agus a fhorbairt. Cuireadh sraith Shahed de dhróin ar fáil do Chónaidhm na Rúise agus úsáidtear iad sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Shahed Aviation Industries freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	20.10.2022”